2024/1495

28.5.2024

# CINNEADH (AE) 2024/1495 ÓN gCOMHAIRLE

## an 21 Bealtaine 2024

## lena gceaptar beirt chomhaltaí, arna moladh ag Ard-Diúcacht Lucsamburg, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas Lucsamburg,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 9 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/2161 ([3]), lena gceaptar beirt chomhaltaí agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ard-Diúcacht Lucsamburg, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Gusty GRAAS agus do Marc SPAUTZ éirí as oifig.

(4) Mhol rialtas Lucsamburg na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Alexandre DONNERSBACH, *Conseiller communal, Conseil communal de la commune de Walferdange* (Comhairleoir Bardasach, Comhairle BhardasachWalferdange), agus Lou LINSTER, *Conseiller communal, Conseil communal de la commune de Leudelange* (Comhairleoir Bardasach, Comhairle Bhardasach Leudelange),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

— Alexandre DONNERSBACH, *Conseiller communal, Conseil communal de la commune de Walferdange* (Comhairleoir Bardasach, Comhairle BhardasachWalferdange),

— Lou LINSTER, *Conseiller communal, Conseil communal de la commune de Leudelange* (Comhairleoir Bardasach, Comhairle Bhardasach Leudelange).

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/2157/oj).

([3]) Cinneadh (AE) 2023/2161 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023 lena gceaptar beirt chomhaltaí agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ard-Diúcacht Lucsamburg, de Choiste na Réigiún (IO L, 2023/2161, 12.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2161/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Bealtaine 2024.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
H. LAHBIB